An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht le haghaidh *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR .......... 2

RÉAMHRÁ .......... 3

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN .......... 4

Cur chuige i leith an chomhairliúcháin .......... 4

Freagraí ar an gcomhairliúchán .......... 5

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN .......... 6

Tuairimí uileghabhálacha faoin dréachtsonraíocht .......... 6

A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht .......... 8

Measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis .......... 11

Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil .......... 12

Réimsí aiseolais eile .......... 13

CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL .......... 15

Údair Mhachnaimh .......... 15

Tátal .......... 15

TAGAIRTÍ .......... 16

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE .......... 17

## Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2026. Áirítear an athfhorbairt ar an tsonraíocht le haghaidh *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta (ar a dtugtaí Nascmhodúil na hArdteistiméireachta) i dTráinse 2.

Cuireadh dréachtsonraíocht *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta ón 24 Feabhra go dtí an 25 Aibreán 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo réimse leathan dearcthaí a fháil ón bpobal agus ó réimse leathan páirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht do *Shaol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta. Tacaíonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán leis an mheitheal forbartha an tsonraíocht a thabhairt i gcrích.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht agus Aidhmeanna
- Príomhinniúlachtaí
- Struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama, lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil dearcadh dearfach ann i leith na dréachtsonraíochta ar an iomlán. Deimhníodh réasúnaíocht agus aidhmeanna *Saol, Pobal agus Obair* agus ba mhór an fáilte a cuireadh roimh na gnéithe trasghearrtha agus an ról atá acu maidir le tacú le scoláirí na príomhinniúlachtaí a fhorbairt ar bhealach barántúil bríoch. Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh an tsoiléireacht níos mó atá ann anois maidir leis an leithdháileadh ama 120 uair an chloig. Mar sin féin, bhí roinnt ábhair imní ann i dtaca le hamchlárú na modúl. Is é an leithdháileadh a mholtar faoi láthair ná trí thréimhse ranga sa chúigiú bliain agus dhá thréimhse ranga sa séú bliain, ach ní léiriú é sin ar an difríocht i bhfad ranga, m.sh. 40 nóiméad in aghaidh ranganna uair an chloig ar fad. Ba láidir an dearbhú a bhí ann don chur chuige athfhorbartha i leith punann a fhorbairt, agus cé gur chuir lear mór daoine fáilte roimh na deiseanna a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, tarraingíodh neart ábhair imní anuas maidir le soiléireacht agus comhleanúnachas.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna codanna seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a

Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde CNCM (CNCM, 2023a) mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige i leith an chomhairliúcháin

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith an phróisis comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar *Saol, Pobal agus Obair*:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí
- Cuairteanna scoile le fócasghrúpaí a rinneadh i dtrasghearradh scoileanna chun léargas a fháil ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó cheannairí scoile

Roghnaigh na rannpháirtithe féin an suirbhé ar líne a fhreagairt, aighneacht scríofa a dhéanamh agus freastal ar an gcomhairliúchán poiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh trasghearradh scoileanna as measc an 28 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairtí ar *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir an 24 Feabhra agus an 25 Aibreán 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí agus múinteoirí *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh príobháideachas rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (CNCM, 2023b). I gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na Seirbhíse Poiblí (CNCM, 2022b), déanfar sonraí ón gcomhairliúchán seo a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile agus cuirfear iad ar fáil in éineacht leis an tuarascáil ar an suíomh gréasáin www.ncca.ie

Cuireadh an suirbhé ar líne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus bhí gach rannpháirtí in ann a rogha teanga a phiocadh agus scaipeadh é ar MS Forms ar shuíomh gréasáin ncca.ie. Bhí an suirbhé dírithe ar na príomhréimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas sa réamhrá.

Dhírigh an t-imeacht comhairliúcháin phoiblí agus na cuairteanna scoile ar na réimsí fócais céanna a clúdaíodh sa suirbhé ar líne agus tugadh deiseanna chun na réimsí sin a fhiosrú agus a iniúchadh a thuilleadh le linn an chomhrá. Leis na fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhíothas in ann léargas níos

doimhne a fháil ar an dréachtsonraíocht ó scoláirí agus múinteoirí agus léargas a fháil ar dhearcthaí ceannairí scoile.
Bhí na haighneachtaí scríofa faoi stiúir na réimsí fócais ceanna a bhí sa suirbhé ar líne, sna cuairteanna scoile agus fócasghrúpaí, agus leo sin bhíothas in ann réimsí spéise ar leith a bhaineann le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a fhiosrú.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bailíodh na freagraí ar fud na modhanna éagsúla rannpháirtíochta lenar cuireadh deiseanna líonmhara ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail. Tugtar léargas i dTábla 1 thíos ar leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin.

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí, Scrúdaitheoir Nascmhodúil na hArdteistiméireachta | 20 |
| Fócasghrúpaí scoláirí | Scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain atá ag déanamh staidéar ar Nascmhodúil na hArdteistiméireachta mar atá faoi láthair | 46 |
| Fócasghrúpaí múinteoirí | Múinteoirí atá ag teagasc Nascmhodúil na hArdteistiméireachta mar atá faoi láthair | 25 |
| Fócasghrúpaí ceannairí scoile | Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i scoileanna a chuireann Nascmhodúil na hArdteistiméireachta ar fáil | 15 |
| Imeacht comhairliúcháin | Múinteoirí, Comhordaitheoirí Cláir, Ceannaire Scoile, Scrúdaitheoir, Údar, Oideoir Breisoideachais agus Ardoideachais | 9 |
| Aighneacht i scríbhinn | Eagraíochtaí Ardoideachais agus sainleasa | 5 |

*Tábla 1: Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

Déantar iniúchadh sa chéad chuid eile ar an aiseolas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin ar fud na modhanna éagsúla comhairliúcháin.

# Cuid 2: Aiseolas ón gComhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Sa chomhairliúchán díríodh ar an dréachtsonraíocht le haghaidh *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta agus is féidir na torthaí a chur ina ngrúpaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht
- A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh dendréachtsonraíocht
- Measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)
- Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil.

Úsáidtear an fhaisnéis, a bailíodh ó na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh i rith an chomhairliúcháin, sa tráchtaireacht ar gach téama sa chuid seo.

Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear réimsí eile i láthair freisin, réimsí nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta.

## Tuairimí uileghabhálacha faoin dréachtsonraíocht

### Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Cuireadh fáilte roimh réasúnaíocht agus aidhmeanna *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta ar an mórgóir agus measadh gur bealach cuí nua-aimseartha iad chun an fhoghlaim a leagan amach laistigh den tsonraíocht. Tarraingíodh aird i bpléití na bhfócasghrúpaí ar an bhforbairt agus ar an nuachóiriú sa chur chuige i leith na foghlama go háirithe, agus ba dhearfach a bhí an dearcadh ina thaobh sin. Ba láidir agus ba dhearfach an fháilte a cuireadh roimh an bhfoghlaim lena dtacaítear le scoláirí an ról atá acu i ngnéithe éagsúla den saol a thuiscint agus a mbealach a dhéanamh tríothu, ó thaobh na forbartha pearsanta de, agus aitheantas ann ar na deiseanna saibhre agus praiticiúla a bhaineann le scileanna inaistrithe agus príomhinniúlachtaí a fhorbairt laistigh den tsonraíocht. Cé gur thug mionlach den dream dá n-aire go bhféadfadh an bhéim ar fhorbairt phearsanta dul i gcion ar scoláirí ar bhealach diúltach agus go mb'fhéidir go mbeadh sí deacair a mheas, thug a bhformhór aitheantas do na deiseanna saibhre a thugtar do scoláirí ina thaobh sin. Rinne roinnt rannpháirtithe amach go bhfuil an acmhainneacht ann an réasúnaíocht agus na haidhmeanna a neartú ach tagairt fhollasach a dhéanamh do na deiseanna flúirseacha a chuirtear ar fáil leis an tsonraíocht chun raon scileanna agus inniúlachtaí inaistrithe a fhorbairt, ar cinn iad atá riachtanach le gabháil don saol agus don ionad oibre amach anseo. Tugadh faoi deara go raibh sé sin ag teacht leis na treochtaí agus an taighde níos leithne ar bhonn idirnáisiúnta sa réimse sin. Bhí mionlach de na rannpháirtithe den tuairim go raibh an cúrsa atá ann faoi láthair leagtha amach go cuí agus níor thacaigh siad leis an réasúnaíocht agus na haidhmeanna athfhorbartha.

D'aithin rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin deiseanna chun eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacaítear le scoláirí iad féin a thuiscint níos fearr agus a mbealach a dhéanamh trína saol anois agus amach anseo. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an ngné uathúil sin den tsonraíocht, moladh go bhféadfaí na modúil a mhargú do scoláirí ionchasacha

maidir leis an méid is féidir a chur ar fáil leo mar thaca lena saol anois agus amach anseo agus le go mbreathnóidís ar na deiseanna dá bhfuil ann níos faide anonn ná pointí na Lár-Oifige Iontrála agus sin amháin. Mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart *Saol, Pobal agus Obair* a bheith ina chroí-fhoghlaim don uile scoláire. Scoileanna a ghlac páirt sa chomhairliúcháin agus a chuireann Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) ar fáil, thug siad dá n-aire an deis atá ann le cur i leataobh a bhaint agus rochtain a chur ar fáil ar na modúil seo do scoláirí i gcláir na hArdteistiméireachta Bunaithe agus ATF araon. Thug ceannairí scoile agus múinteoirí sna scoileanna sin dá n-aire an acmhainneacht a bhí ann le *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta a dhéanamh ní ba tharraingtí agus ní b'ábhartha do scoláirí in ATF. Thug siad dá n-aire gurb amhlaidh is treise atá sé, b'fhéidir, ná an Mhatamaitic ar an nGnáthleibhéal nó Nuatheangacha Iasachta. Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh smaoineamh na sonraíochta ar an leibhéal comónta. Mar sin féin, tarraingíodh ábhair imní anuas maidir lena chinntiú go mbeadh sé d'acmhainn ag an uile scoláire gnóthachtálacha a dhéanamh agus blaiseadh den rath a fháil.

## Foireann *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta

Ba mhór an plé a rinneadh le linn an chomhairliúcháin maidir leis an dream ab oiriúnaí le pleanáil a dhéanamh le haghaidh *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta agus é a theagasc. Thug cuid mhór rannpháirtithe dá n-aire go raibh nasc follasach ann idir an fhoghlaim i modúl a haon agus an treoir. Cé gur cuireadh fáilte roimh an nasc sin ar an mórgóir agus gur tugadh faoi deara go raibh d'acmhainn aige tacú le treoir do chách, d'éiligh scata rannpháirtithe go gcuimseofaí nasc ní b'fhollasaí sa tsonraíocht leis an gCreat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil de chuid an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2023). Tugadh faoi deara go bhfuil ríthábhacht le rannpháirt bhríoch an Chomhairleora Gairmthreorach le go n-éireodh le cur i bhfeidhm na sonraíochta. Rinne scata rannpháirtithe amach go mbeadh ról ag an gComhairleoir Gairmthreorach i dtaobh tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh le haghaidh na modúl agus iad a sholáthar, agus cinnte á dhéanamh de go gcuirfeadh an fhoghlaim sa tsonraíocht seo leis an gcur chuige i leith na gairmthreorach sa scoil, seachas í a mhacasamhlú. Rinne daoine eile díobh plé ar na gnéithe teagaisc de mhodúl a haon den tsonraíocht a bhaineann don Chomhairleoir Gairmthreorach, agus thug siad dá n-aire an tábhacht atá le pearsanra cáilithe chun oideachas atá bainteach le gairmeacha beatha a sholáthar. Lean cuid mhór rannpháirtithe de *Saol, Pobal agus Obair* a shamhlú leis an bhfoireann múinteoirí gnó sa scoil. Cuireadh in iúl le linn phléití na bhfócasghrúpaí gurbh fhollasach a bhí ról na fiontraíochta laistigh de na snáitheanna staidéir agus go leanfadh múinteoirí gnó de bheith an-oiriúnach chun an tsonraíocht seo a theagasc, anuas ar chohórt níos leithne múinteoirí ó réimsí ábhair éagsúla. Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an gcur chuige nua-aimseartha agus praiticiúil i leith na foghlama atá bainteach le fiontraíocht a leagtar amach sa dréachtsonraíocht agus i dtromlach na gcásanna, chonacthas dóibh gur thairbhiúla agus gurbh ábhartha é sin ná naisc le siollabas Gnó 1997 a mhacasamhlú, mar a rinneadh le Nascmhodúil GCAT. Chuir líon beag rannpháirtithe tuairimí in iúl gur cheart an fhoghlaim atá bainteach le fionraíocht a bheith ní b'fhollasaí agus gur cheart go mbeadh sí ina léiriú ar an gcaoi a dtéitear i ngleic léi sa chúrsa staidéir mar atá faoi láthair.

## A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht

### Forbhreathnú ar an struchtúr agus ar phríomhinniúlachtaí

Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh struchtúr na sonraíochta agus roimh an tsoiléireacht laistigh den fhorbhreathnú ar an gcúrsa agus na snáitheanna idircheangailte staidéir. Breathnaíodh difríochtaí nach beag sna dearcthaí i leith na soiléireachta idir freagraí ar an suirbhé agus pléití na bhfócasghrúpaí – is amhlaidh a chonacthas do na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí gur mó an tsoiléireacht a bhí ann laistigh den tsonraíocht ná mar a cuireadh in iúl sna freagraí ar an suirbhé. Rinneadh roinnt moltaí maidir leis an gcaoi leis an struchtúr a chur chun feabhais. Moltaí a bhí iontu sin a bhain le tuiscint líneach nó sheicheamhach ar an tsonraíocht, nó a rinne na daoine siúd ar mhian leo nach dtiocfadh athrú ar an struchtúr atá ann faoi láthair. Ar an mórgóir, ba ghnách leis na rannpháirtithe ardleibhéal comhleanúnachais a aithint idir an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus na snáitheanna staidéir atá beartaithe, agus leibhéal comhleanúnachais níos ísle ann idir na snáitheanna staidéir agus an CMB beartaithe. Cuireadh fáilte roimh na gnéithe trasghearrtha maidir le Rannpháirtíocht, Machnamh agus Cur i bhFeidhm, ar a dtugtar timthriall na foghlama eispéireasaí freisin, tríd is tríd, agus thug cuid mhór daoine aitheantas dearfach do na deiseanna dá bhfuil ann laistigh den tsonraíocht le haghaidh eispéiris bhríocha ghníomhacha foghlama. Cuireadh ábhair imní in iúl maidir lena chinntiú go bhféadfadh an uile scoláire gabháil don rath agus é a bhaint amach ar na leibhéil éagsúla de thimthriall na foghlama eispéireasaí. Tugadh faoi deara go raibh an machnamh ina scil dheacair ach ríthábhachtach ar cheart tús áite a thabhairt dó. Chuir neart rannpháirtithe fáilte roimh úsáid na gcreat machnaimh chun tacú le forbairt incriminteach na scile sin ar feadh an chúrsa. Cé gur ghlac tromlach na rannpháirtithe go maith le leagan amach na bpríomhinniúlachtaí, thug mionlach díobh dá n-aire go raibh róbhéim ar fhadhbréiteach agus nach leor an bhéim ar scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach laistigh den tsonraíocht, agus moltaí ann go méadófaí na deiseanna le bheith cruthaitheach agus le cruthú agus forbairt punainne digití a shonrú ar mhaithe leis an imní sin a fhuascailt.

### Inbhainistitheacht

Thug múinteoirí ar fud an chomhairliúcháin dá n-aire líonta méadaithe na scoláirí i ranganna mar thoradh ar na hAicmí Nua Gairmábhar a bhaint, agus i gcásanna áirithe, rinne siad machnamh ar an gcaoi a ndeachaigh sé sin i gcion ar chúrsaí inbhainistitheachta i réimsí amhail taithí oibre a shocrú agus míreanna punainne aonair a fhorbairt. Mar sin féin, tugadh le fios go raibh fáilte roimh an aistriú beartaithe chuig punann dhigiteach a fhorbraítear de réir mar a théann scoláirí i ngleic leis an tsonraíocht agus a úsáidtear chun dul i ngleic leis an CMB, anuas ar an 120 uair an chloig a leithdháiltear. Chuir ceannairí scoile agus múinteoirí fáilte roimh an tagairt fhollasach d'uaireanta teagaisc seachas tréimhsí ranga, rud a thugann soiléireacht ina thaobh sin. Mar sin féin, thug neart scoileanna dá n-aire na dúshláin nach beag a bhaineann le 120 uair an chloig a sholáthar le haghaidh na modúl i sraith shinsearach atá brúite cheana féin, dar leo. Bhí raon tréimhsí ama i gceist le soláthar reatha na Nascmhodúl i measc scoileanna ar fud an chomhairliúcháin, ó 40 nóiméad i roinnt acu go trí uair an chloig sa tseachtain i gcinn eile. Chuir scoileanna áirithe scoláirí a raibh díolúine ón nGaeilge acu ar an amchlár le haghaidh na Nascmhodúl, in ionad na gairmthreorach, nó ina teannta, scaití. I scoileanna eile, cuireadh an ghairmthreoir ar fáil laistigh de na Nascmhodúil do scoláirí a bhí ag gabháil don chúrsa, agus cúrsa eile gairmthreorach ar fáil dóibh siúd nach raibh ag gabháil don chúrsa. I scoileanna eile, measadh go raibh na Nascmhodúil ina gcroí-fhoghlaim don uile scoláire in ATB.

D'éiligh roinnt rannpháirtithe go n-aithneofaí na modúil mar ábhar iomlán 180 uair an chloig, ach ní hamhlaidh ba dhearcach chomhthola é sin. Chuir múinteoirí agus scoláirí an dearcadh in iúl gur gá go mbeadh an luach ceannann céanna ag gabháil leis an gcineál foghlama i *Saol, Pobal agus Obair* le comhpháirteanna eile den churaclam. Le linn an chomhairliúcháin duine le duine le ceannairí scoile, tarraingíodh aird ar na dúshláin a bhain dóibh maidir le hamchlárú, agus an t-am teagmhála á méadú ag lear mór scoileanna i gcás na gcroí-ábhar amhail Béarla, Gaeilge agus Matamaitic. Ba mhinic a bhíothas den tuairim ina leith sin go rabhthas ag freagairt do riachtanais na scoláirí, cé gurbh iomaí ceannaire scoile a thug dá n-aire go raibh d'acmhainn ag an bhfoghlaim i *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta a bheith ní ba bhríche agus ní b'ábhartha, b'fhéidir, don uile scoláire.

## Foghlaim laistigh de na snáitheanna staidéir

### Freagairt fhoriomlán ar an bhfoghlaim ar fud na snáitheanna staidéir

Chuir rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin fáilte ar an mórgóir roimh an bhfoghlaim mar a thugtar breac-chuntas uirthi laistigh de na snáitheanna staidéir, agus chuir siad moltaí ar fáil chun í a bheachtú agus a fheabhsú, lenar áiríodh Gluais Téarmaí a chur leis, mionathruithe a dhéanamh ar an gcolún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' agus na briathra gnímh a úsáidtear, agus roinnt torthaí foghlama a leagan amach an athuair, iad a athordú agus cinn eile a bhaint. Tharraing roinnt rannpháirtithe ábhair imní anuas go raibh na torthaí foghlama i Modúl a hAon, Snáithe a hAon, róphearsanta tríd is tríd. Cé gur thug na rannpháirtithe aitheantas do na tairbhí a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do scoláirí a luachana agus a dtacair scileanna a fhiosrú, tarraingíodh imní anuas maidir le féinchoincheap a fhiosrú agus maidir leis na tosca seachtracha agus inmheánacha a théann i gcion air. San aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe áirithe, sainaithníodh deiseanna nár tapaíodh chun aird a tharraingt ar scileanna inaistrithe laistigh de na snáitheanna staidéir, agus moladh go ndéanfaí an téarmaíocht a bhaineann le scileanna crua agus boga a athleagan amach.

### Ról an Curriculum Vitae agus an ráitis phearsanta

Ba mhór an t-aitheantas a tugadh don ról a bhíonn ag Curriculum Vitae (CV) i dtaobh tacú le scoláirí fostaíocht pháirtaimseartha a fháil. Ní rabhthas ar aon toil, áfach, maidir lena ról laistigh den tsonraíocht. D'éiligh roinnt rannpháirtithe go mbeadh tagairt fhollasach ann don CV laistigh den ráiteas pearsanta, agus san am céanna, d'aithin daoine eile díobh an ról atá aige laistigh den ionad oibre. Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh an gcur chuige i leith forbairt a dhéanamh ar ráiteas pearsanta lena dtacófaí le scoláirí a gcuid luachanna, tacar scileanna agus eispéireas uathúil a chur in oiriúint d'iarratais ar phoist agus do róil. Chuir scoláirí fáilte roimh na deiseanna sa tsonraíocht le foghlaim faoi phoist ghairmiúla agus próisis iarratais, mar a tugadh orthu, agus le dul i mbun na ngnéithe sin.

### Conairí a fhiosrú agus an pobal

Chuir rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin fáilte láidir roimh an bhfoghlaim a bhaineann le fiosrú a dhéanamh ar ghairmréimeanna éagsúla, agus é sin ag ailíniú siar le ráiteas pearsanta scoláire agus dul chun cinn chuig foirm iarratais bunaithe ar inniúlachtaí. Tríd is tríd, chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an bhfoghlaim a bhaineann leis an bpobal, agus iad ag tabhairt dá n-aire a thábhachtaí atá sé cuidiú leis an uile scoláire tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le pobal dóibhsean, agus aitheantas á thabhairt do na dúshláin a d'fhéadfadh teacht roimh scoláirí áirithe

ina thaobh sin. Cheistigh mionlach de na rannpháirtithe a chuí is atá pobal sa tsonraíocht. Thug lear mór rannpháirtithe aitheantas do na deiseanna a chuirtear ar fáil le heispéiris foghlama sa phobal ach tacú le scoláirí raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt, atá úsáideach i ngach gné dá saol, lena n-áirítear san ionad oibre. I measc na mionleasuithe a moladh don tasc comhoibritheach réitigh fadhbanna agus Tasc Foghlama Feidhmí (TFF) 3, tá tagairt fhollasach do raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt, agus smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus cumarsáid ina measc sin chomh maith le comhoibriú agus fadhbréiteach. Shainaithin roinnt rannpháirtithe dúshláin a bhaineann le hathdhéanamh féideartha na n-eispéireas foghlama ón Idirbhliain, lena rabhthas ag brath ar chineál an chláir Idirbhliana a chuirtear ar fáil sa scoil. San am céanna, shainaithin daoine eile díobh dúshláin a d'fhéadfadh teacht roimh scoláirí de réir mar a théann siad i ngleic leis an bpróiseas iomlán smaointeoireachta deartha, cuir i gcás saincheisteanna cuí a aimsiú i bpobail agus réiteach píolótach a thástáil.

### Rannpháirteachas feabhsaithe le saol na hoibre

Cuireadh fáilte roimh an bhfoghlaim a bhaineann le dul i ngleic le hionaid oibre tríd is tríd, mar ab amhlaidh le neamhspleáchas scoile i dtaobh eispéiris bhríocha taithí oibre a éascú. Bíodh sin mar atá, thug na rannpháirtithe aitheantas don ghá atá le treoir bhreise do scoileanna maidir leis an gcaoi le taithí oibre a phleanáil agus a éascú. Roinneadh samplaí den chaoi le rannpháirteachas leis an ionad oibre a leathnú, amhail dul i dteagmháil le rólchuspaí ó shaol an ghnó agus an tionscail, cuairteanna ar ionaid oibre, scáthfhoghlaim, agallaimh bhréige agus agallamh a chur ar dhaoine in ionad oibre inspéise. Measadh gur deis a bhí i leathnú na n-eispéireas leis an ionad oibre chun forbairt a dhéanamh ar eispéiris foghlama san Idirbhliain agus orthu sin a gnóthaíodh le linn jabanna páirtaimseartha araon. D'fhéadfaí tacú le scoláirí leis sin freisin, ar scoláirí iad nach mbeifí in ann, ar shlám cúiseanna, eispéireas bríoch taithí oibre a fháil a bheadh ag teacht lena gcuid pleananna dá gconair ghairme. Ba mhór an tacaíocht a tugadh don bhéim ar mhachnamh ar aiseolas a fhaightear ó dhaoine eile le linn a bheith rannpháirteach leis an ionad oibre, agus mheas daoine áirithe go raibh aiseolas a bheadh nasctha go follasach le spriocanna pearsanta ina chur chuige ní ba chuí.

## An Phunann agus na Tascanna Foghlama Feidhmí

Thacaigh tromlach na rannpháirtithe leis an gcur chuige beartaithe i leith chruthú agus fhorbairt na punainne, agus ba mhór an fháilte a chuir siad roimh an aistriú ar shiúl ó mhíreanna punainne a raibh teimpléad ar fáil dóibh go punann a mbeadh d'acmhainn aici rannpháirteachas uathúil scoláire leis an gcúrsa a léiriú. Thug daoine áirithe dá n-aire na deiseanna a bhí ann do scoláirí lena gcuid foghlama féin a oiriúnú dóibh féin, agus ba iad na scoláirí iad féin ba mhó a chuir fáilte roimh an gcruthaitheacht a ligtear dóibh sa phunann, rud a thacaíonn leo an leas is mó is féidir a bhaint as a gcuid buanna agus ábhar spéise féin.

Tugadh aitheantas dearfach do na Tascanna Foghlama Feidhmí (TFFanna) as deis a chur ar fáil do scoláirí lena gcuid foghlama óna rannpháirteachas uathúil le roinnt torthaí foghlama a chur i bhfeidhm maidir le saothar a bhféadfaí cur leis agus a fhorbairt a thuilleadh le himeacht aimsire, rud ar tugadh faoi deara ina leith gur cleachtadh teoranta é sna Nascmhodúil mar atá faoi láthair. B'fhollasach an dearcadh sin go háirithe le linn phléití na bhfócasghrúpaí, nuair a bhí cur agus cúiteamh á dhéanamh ar chuspóir agus cineál TFFanna. Mar sin féin, cé go raibh cuid mhór rannpháirtithe in ann nasc a dhéanamh amach idir forbairt TFFanna agus rannpháirteachas leis an

CMB, is amhlaidh a bhí imní orthu i gcónaí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí agus scoláirí dul i ngleic leis na TFFanna mura gcuirfí faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) iad lena measúnú. Nuair a chuir na rannpháirtithe na TFFanna i gcomparáid le míreanna punainne na Nascmhodúl mar atá faoi láthair, thug siad dá n-aire go raibh siad doiléir, agus éilíodh eiseamláirí de TFFanna, scéimeanna marcála, líonta sonracha focal agus teimpléid ghaolmhara.

Shainaithin rannpháirtithe áirithe go bhféadfadh dúshláin a bheith ann freisin do scoláirí a bhfuil deacrachtaí litearthachta agus tuisceana acu agus iad ag dul i ngleic le smaointeoireacht ardoird, mar a tugadh air, laistigh de na TFFanna. Tugadh faoi deara gur gá aitheantas a thabhairt don uile leibhéal gnóthachtála. Tugadh faoi deara gur deis bhí i gceist leis na formáidí éagsúla chun na TFFanna a fhorbairt, amhail úsáid fuaime, grianghraf agus físeán, anuas ar théacs, chun cuid de na hábhair imní sin a chur chun feabhais, mar ab amhlaidh leis an tsoiléireacht bhreise maidir leis an gcaidreamh idir an phunann, na TFFanna agus an CMB. Chuir formhór na rannpháirtithe fáilte roimh chomhroinnt na punainne idir scoláirí agus múinteoirí. Measadh go raibh sé sin ina thaca le rannpháirtíocht na scoláirí leis an bpunann agus deimhniú na múinteoirí ar an CMB.

## Measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis

Tugadh faoi deara gur fiú an iarracht í an Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, Mo Chuid Foghlama sa Phraitic, agus go raibh d'acmhainn aici a bheith bríoch don uile scoláire ina saol anois agus sa saol a bheidh acu amach anseo. Ba mhór an fháilte a cuireadh roimh smaoineamh na treorach bliantúla lena bhféadfaí comhthéacs úrnua a chur ar fáil le dul i ngleic leis an CMB. Mar sin féin, bhí amhras ar roinnt daoine faoin gcaoi a bhféadfadh treoir tacú leis an uile scoláire dul i ngleic leis an CMB ar bhealach bríoch, ar CMB é a measadh a bheith leathan agus oscailte.

Bhí slám mór rannpháirtithe in ann nasc follasach a dhéanamh amach idir an treoir agus freagairt chriticiúil scoláire ar shaincheist thráthúil. Mar sin féin, mheas cuid mhór acu go bhféadfaí gabháil do phróifíl phearsanta scoláire a fhorbairt gan treoir a bheith ann agus go raibh an baol ann go n-éireodh sí foirmleach agus statach ó dhúchas dá dhroim sin. Tugadh faoi deara freisin, dá mbeadh cineál na treorach róchúng, go raibh an baol ann go dtabharfaí freagraí réamhshainithe seachas deis fhollasach a bheith á cur ar fáil do scoláirí le tarraingt ar shaothar a bpunainne agus é a thaispeáint, na TFFanna san áireamh. Bhíothas d'aon toil gur gá do scoláirí a bheith muiníneach go mbeidh toradh na hoibre a dhéanann siad ar son fhorbairt a bpunainne le sonrú agus go dtacóidh sé sin leo dul i ngleic leis an CMB. Bhí scata daoine den tuairim go bhféadfadh sé nach ndéanfaí measúnú ar lear mór oibre laistigh den phunann tríd an CMB. Chun aghaidh a thabhairt ar an imní sin, mhol rannpháirtithe áirithe go ndéanfaí an treoir a leagan amach as an úire chun obair na TFFanna a ghabháil ar bhealach follasach nó na TFFanna a uaslódáil chuig CSS lena marcáil agus/nó lena measúnú taobh lena ndoiciméad taiscthe. Bíodh sin mar atá, d'aithin daoine eile díobh na deiseanna a d'fhéadfaí a chur ar fáil leis an CMB maidir le scoláirí a dhreasú lena bpunann agus TFFanna a fhorbairt, ar gnéithe iad sin a thacódh lena rannpháirteachas leis an CMB, dá réir sin, tríd an treoir arna leagan amach an athuair.

D'aithin rannpháirtithe ar fud an chomhairliúcháin dúshláin a bhaineann le huainiú beartaithe na treorach. Tugadh faoi deara gur cheart spreagadh agus dreasacht a thabhairt do scoláirí leis an treoir chun a bpunann a fhorbairt ar bhealach údarach de réir mar a théann siad i ngleic le torthaí foghlama an chúrsa, rud a thacaíonn leo dul i ngleic leis an CMB, seachas an ceann is fearr a fháil

ar an gcóras agus freagairt don treoir agus don treoir amháin, ar díol mór imní é sin do roinnt rannpháirtithe, mar a tugadh faoi deara.

Bhí tacaíocht láidir ann do dhoiciméad digiteach ilmhódach aonair a thaisceadh sa 6ú bliain, lena soláthrófaí deis do scoláirí chun gnéithe dá bpunann a chur i láthair ar bhealach beachtaithe comhtháite. Cé gur cuireadh fáilte roimh an ualú 60%, chuir roinnt múinteoirí agus scoláirí imní in iúl go bhféadfadh sé nár leor an doiciméad taiscthe le go mbeadh ualú 60% ag gabháil leis, ar léiriú a bheadh ann ar an obair uile a rachadh scoláirí ina bun laistigh dá bpunann. Ba mhór ag scoláirí go háirithe deiseanna chun cur le míreanna téacs le comhaid fuaime, pictiúir agus póstaeir, a bheadh ina léiriú ar a bpunann, agus aitheantas á thabhairt go mbeadh rogha formáide ina taca le scoláirí le leas a bhaint as a gcuid láidreachtaí, ábhar spéise agus riachtanas. Mheas daoine áirithe freisin go mbeadh an rogha formáidí ina sárú ar chuid de na dúshláin a bhaineann leis an Intleacht Shaorga (IS), agus go gcuirfí deiseanna ar fáil dá bharr sin le fianaise ar rannpháirteachas le torthaí foghlama an chúrsa maille le machnamh air sin a chur i láthair. Mheas scoláirí áirithe nach raibh aon dealramh le húsáid IS le linn an CMB a chur i gcrích de bharr gur CMB atá ann ina ndírítear ar fhorbairt próifíle pearsanta.

## Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil

Labhair gach rannpháirtí ar an ngá le raon tacaíochtaí ionas go gcuirfear an tsonraíocht i bhfeidhm go rathúil. Mhol na rannpháirtithe formáidí éagsúla d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) amhail imeachtaí ar an láthair, seimineáir ghréasáin, tacaíochtaí ionscoile agus pobail chleachtais lena bhféadfaí tacú le cur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta laistigh de chomhthéacsanna éagsúla scoile. Mar sin féin, rinne roinnt ceannairí scoile amach gur ann do dhúshláin maidir le clúdach cuí a chur ar fáil ionas gur féidir le múinteoirí freastal ar imeachtaí den sórt sin. Measadh go raibh gá le tacaíochtaí FGM sonracha do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus comhairleoirí gairmthreorach. D'éiligh ceannairí scoile níos mó treorach maidir le 120 uair an chloig a sholáthar ar fud an dá bhliain den tsraith shinsearach le haghaidh *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta.

Thug múinteoirí dá n-aire gur cheart go mbeadh FGM ina thaca dóibh le tuiscint a fháil ar phríomhtheachtaireachtaí na sonraíochta, lena n-áirítear an cur chuige nuashonraithe i leith punann dhigiteach a fhorbairt, an CMB, agus maidir leis na gnéithe úra den chúrsa amhail smaointeoireacht deartha, IS agus creata machnaimh. Moladh freisin go dtabharfaí tacaíocht don uile scoláire dul i ngleic leis an tsonraíocht go rathúil trí thimthriall na foghlama eispéireasaí, mar aon le hacmhainní amhail suíomhanna gréasáin agus cleachtaí féinmheasúnaithe, chun tacú le rannpháirteachas rathúil leis na torthaí foghlama. Tugadh faoi deara gur cheart go mbeadh FGM do cheannairí scoile agus Comhairleoirí Gairmthreorach ina chuidiú do scoileanna le tuiscint a fháil ar na hathruithe sa tsonraíocht agus an chaoi a bhféadfadh sí tacú le treoir do chách laistigh dá bPlean Treorach Uile-Scoile. Measadh go raibh ríthábhacht ag baint le FGM chun tacú le scoileanna na modúil a phleanáil agus a amchlárú, chomh maith le tacaíocht chun an tsonraíocht athfhorbartha a chur in iúl do scoláirí agus do thuismitheoirí.
Luadh gur tacaíocht riachtanach é doiciméadú measúnaithe, amhail treoirlínte measúnaithe, treoracha samplacha, scrúdpháipéir shamplacha agus scéimeanna marcála samplacha agus éilíodh go gcuirfí ar fáil roimh mhí Mheán Fómhair 2026 iad. A mhéid a bhaineann le saincheisteanna níos leithne maidir le hacmhainní a chur ar fáil, moladh go raibh ríthábhacht le méadú ar mhaoiniú digiteach, caipitíocht, leithdháileadh múinteora agus gairmthreorach agus coinneáil Phost an Chomhordaitheora a bhaineann leis an gclár atá ann faoi láthair sa tsraith shinsearach ar mhaithe

le cur i bhfeidhm rathúil. Thug rannpháirtithe áirithe dúshláin faoi deara maidir le rochtain ar ghléasanna digiteacha agus WiFi, i bhfianaise srianta ar fhóin na scoláirí, agus san am céanna chuir daoine eile díobh imní in iúl maidir le cothromas agus soláthar digiteach i scoileanna. Mhol daoine eile go mbeadh maoiniú chun tacú le Líonra Proifisiúnta Múinteoirí a bheadh sonrach do *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta ina thaca chun na modúil a chur i bhfeidhm.

## Réimsí aiseolais eile

Cuireadh fáilte roimh an ainm nua do na Nascmhodúil, mar aon leis na huaillmhianta chun cuma úrnua a chur ar na modúil. Thug roinnt rannpháirtithe moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an t-ainm a bheachtú, cuir i gcás an tagairt do staidéar a bhaint, ar measadh go raibh sé seanchaite agus dírithe ar chúrsaí acadúla. Chuir daoine eile in iúl gur cheart tagairt don scoláire agus dá dtodhchaí a áireamh leis an ainm. Bhí imní ar roinnt acu go bhféadfadh an téarma 'pobal' sa teideal dearcthaí bréagacha a spreagadh maidir leis an méid a bheadh i gceist leis sin, agus moltaí ann lena bhaint nó lena chur níos faide amach sa teideal. Theastaigh ó mhionlach de na rannpháirtithe an t-ainm reatha 'Nascmhodúil' a choinneáil agus an focal 'clár' a chur isteach sa teideal. Chuir rannpháirtithe áirithe an tsonraíocht i gcomparáid leis an ráiteas cláir reatha agus ba léir go raibh mearbhall ann idir an péire díobh ar fud an chomhairliúcháin.

Mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart go mbeadh tagairt fhollasach ann do róil agus freagrachtaí na croí-fhoirne teagaisc, an Chomhairleora Gairmthreorach agus Chomhordaitheoir an Chláir de réir an ráitis cláir reatha, mar aon le stádas na modúl a mhéid a bhaineann le croí-fhoghlaim nó foghlaim roghnach, pointí na Lár-Oifige Iontrála agus an Creat don Treoir Scoile Uile. Ina theannta sin, moladh go mbeadh tagairt fhollasach sa tsonraíocht don treoir maidir le pleanáil agus éascú na taithí oibre do na scoláirí uile, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu, agus chomh maith leis sin do phleanáil agus éascú na gcuairteanna isteach agus amach as an seomra ranga. D'éiligh ceannairí scoile treoir agus tacaíocht chun *Saol, Pobal agus Obair* a athshamhlú ar a n-amchlár agus laistigh dá bhfoireann ina bhfuil múinteoirí, Comhordaitheoir an Chláir agus Comhairleoirí Gairmthreorach roimh scoilbhliain 2026/27. Luadh gur toisc thacúil í solúbthacht do scoileanna agus dá gcomhthéacs leithleach ina thaobh sin.

Bhí glacadh forleathan leis gur cheart an scrúdú scríofa i mí na Bealtaine den 6ú Bliain a choinneáil, agus luaigh neart daoine gur bealach ar leith é chun scoláirí a mhealladh chun tabhairt faoi na modúil. Bhí dearcthaí éagsúla ann maidir leis na comhpháirteanna difriúla den scrúdú scríofa mar atá faoi láthair, agus sainaithníodh idir dheiseanna agus dúshláin sa ghné Chlosamhairc agus sa Chás-Staidéar. Tugadh tacaíodh láidir do cheisteanna ar pháipéar an scrúdaithe scríofa a thacaigh le freagairt phearsanta agus cinn a bhí nasctha le heispéireas foghlama a ndeachthas ina bhun agus a forbraíodh trí phunann scoláire. A mhéid a bhaineann le hathfhorbairt níos leithne na sraithe sinsearaí, tharraing na rannpháirtithe aird ar gheábhanna le linn an fhéilire a d'fhéadfadh a bheith brúite do na CMBanna uile agus gur ghá smaoineamh ar an dáta taiscthe don CMB i *Saol, Pobal agus Obair* laistigh den chomhthéacs níos leithne sin. D'éiligh roinnt daoine go ngearrfaí siar ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus cuireadh imní in iúl go bhféadfadh barraíocht measúnaithe a bheith ann. Laistigh den chomhthéacs oideachais níos leithne, mhol mionlach de na rannpháirtithe gur cheart don Chomhairle Mhúinteoireachta tacar sonrach critéar a chruthú dóibh siúd ar féidir leo na modúil a mhúineadh, cé gur mheas daoine eile díobh gurb oiriúnaí atá an cur chuige oscailte solúbtha atá ann faoi láthair. Moladh gur cheart d'Institiúidí Ardoideachais na modúil a aithint chun máithreánú ar mhaithe leis an luach a bhaineann leo a mhéadú, agus d'éiligh

daoine áirithe go mbeadh pointí breise ón Lár-Oifig Iontrála i gceist i gcomhréir le hábhair na sraithe sinsearaí atá ann faoi láthair.

# Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go han-mhaith leis an dréachtsonraíocht do *Saol, Pobal agus Obair* agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de dhearadh na modúl athfhorbartha.

Bhreithnigh an mheitheal forbartha an t-aiseolas ón gcomhairliúchán le linn dóibh an tsonraíocht do *Saol, Pobal agus Obair* na hArdteistiméireachta a chur i gcrích. Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, bhí:

- Machnamh maidir leis an gcaoi is fearr le torthaí foghlama a bheachtú, a leagan amach as an úire, a athordú agus a bhaint mar fhreagairt ar aiseolas ón gcomhairliúchán, lena n-áirítear briathra gnímh ardoird agus ísealoird a athchothromú agus úsáid a bhaint as Gluais Téarmaí
- Machnamh ar an gcaoi a leagtar amach scileanna inaistrithe laistigh de na snáitheanna staidéir chun leanúnachas le nascacht chuí idir an pobal agus an t-ionad oibre a chinntiú
- An chaoi le freagairt d'aiseolas maidir leis an gcineál pearsanta a mheastar a bheith ann i dtaca le cuid de na torthaí foghlama i Modúl a hAon, Snáithe a hAon, Tuiscint a Fháil Orm Féin
- An chaoi is fearr leis an gcur chuige i leith an taisc chomhoibrithigh réitigh fadhbanna a leagan amach as an úire mar fhreagairt ar aiseolas ón gcomhairliúchán lena chinntiú go mbíonn deiseanna ag scoláirí le bheith rannpháirteach go gníomhach agus raon leathan scileanna inaistrithe a fhorbairt
- An chaoi is fearr leis na torthaí foghlama a chur in agar chun rannpháirteachas leathan scoláire leis an ionad oibre a léiriú níos fearr
- An chaoi is fearr le freagairt d'éilimh ar shoiléireacht bhreise maidir le cuspóir agus ról na punainne, TFFanna, na próifíle pearsanta agus CMB
- Smaoineamh ar thagairt fhollasach do phunann dhigiteach chun tacú le forbairt scileanna digiteacha
- Smaoineamh ar struchtúr, formáid agus uainiú na treorach lena chinntiú go dtugtaí aghaidh léi ar ábhair imní maidir leis an gcur chuige a d'fhéadfadh a bheith scoite i leith an CMB, agus deiseanna á gcur ar fáil san am céanna chun obair na punainne a thaispeáint
- An chaoi le haghaidh a thabhairt ar an CMB agus an gá atá le soiléireacht bhreise i dtaca leis an bpróiseas
- Smaoineamh ar aiseolas ón gcomhairliúchán ar an ainm nua atá beartaithe.

## Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas a fuarthas. Léirítear san

aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchuir ó mhúinteoirí sa chomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt ó mhúinteoirí, a bhí dearfach, dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar na modúil ós rud é nach ndearnadh aon athrú bríoch orthu le breis agus scór blianta.

## Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) Cothromas agus Sármhaitheas do Chách

Rialtas na hÉireann (2023) An Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil (2024-2030)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach | CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) An Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis Phoiblí Beartas um Shonraí Oscailte CNCM | CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) Straitéis Taighde 2023 - 2026 https://ncca.ie/media/6273/cncm_straitéistaighde_2023-2026.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023b) Beartas Cosanta Sonraí, Baile Átha Cliath, CNCM Beartas Cosanta Sonraí CNCM | CNCM

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Aoife Barry
Caroline Carr
Yvonne Carty
Carol Doyle
Aoibheann Doyle agus Ailsa McCreadie, Foireann Oideachais JAI; Junior Achievement Ireland
Mark Hanly
A. Huges
Katrina
Maria Mc Elwaine
Mateusz Masternak; an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
Eimear Mc Donnell; Institiúid na gComhairleoirí Treorach
An Dr. Chris McInerney; Aonad na Scileanna Inaistrithe, Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Luimnigh
An Dr Eoin Ó Donnchadha, Oifigeach Forbartha Beartais um Oidhreacht san Oideachas, An Chomhairle Oidhreachta
Ms O Keeffe
Claire Treanor

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment